

Email | Sample answer

Ta tú sa Ghaeltacht ar chúrsa Gaeilge. Scríobh ríomhphost chuig cara leat ag déanamh cur síos ar an gcúrsa. Pléigh na pointí seo a leanas:

- **an cúrsa féin**
- **na múinteoirí ar an gcúrsa**
- **an aimsir**
- **pointe amháin dearfach faoin gcúrsa**
- **pointe amháin diúltach faoin gcúrsa**
- **an lóistín**

(2020 Mock Q9)

Le: aoifénibhealaoich567@gaeilge.com

Ó: ainenírimheá@gaeilge.com

Ábhar: An Ghaeltacht

A Aoife, a chara,

Táim sa Ghaeltacht i gContae na Gaillimhe le mo chairde. Sa chúrsa seo, táimid ag cleachtadh le haghaidh **an scrúdú an Teastais Shóisearaigh** (Junior Certificate Exam). Ar maidin, foghlaimímid gramadach agus foclóir. Ar tráthnóna, téimid ag canúáil nó ag snámh san fharraige.

Is múinteoirí an-chineálta iad na múinteoirí anseo. Tá siad **an-suáilceach** (very approachable) agus cabhrach. Nuair a táimid sa rang Ghaeilge, imrímid cluichí spraoi agus tráth na gceist. Is **bealach spráúil** (fun way) é le bheith ag foghlaim.

Tá an aimsir go hálainn, buíochas le Dia. Tá sé beagán fuar mar táimid **le hais** (beside) na farraige, ach tá an ghrian ag taitneamh **formhór an ama** (most of the time). Ar aon nós, táim cinnte de go mbeidh sé ag báisteach amárach, mar tá **scamaill dhorcha** (dark clouds) ann anois.

Is maith liom an cúrsa mar tá mé ag éirí níos fearr le Gaeilge. Is breá liom ag caint as Gaeilge agus tá sceitimíní orm mar táim **ag dul chun cinn** (advancing) go tapa. Tá an cúrsa ag múineadh go leor agus táim ag feabhsú gach lá.

An t-aon rud nach maith liom is é an bia. Táim ag caitheamh i ndiaidh chócaireacht mo mháthar. Níl aon **bhlas** (flavor/taste) ar an mbia anseo agus tá sé ró-sláintiúil.

Táim ag fanacht i dteach bean an tí. Is bean an-deas í. Máire is ainm di. **Roinnim** (I share) mo sheomra codlata le bheirt chailíní eile, mo chairde Sarah agus Síofra, agus tá sé go hiontach. Gach oíche, cuidímid le hobair tí agus an **soithí** (the dishes) a ní. Is maith liom an lóistín mar tá sé **an-ghar** (very near) don scoil.

Caithfidh mé imeacht anois, mar tá céilí ann i gceann deich nóiméad!

Slán go fóill,

Áine